



# Eleathanach 364

Dé Luain, an 2 Samhain 2020



Comhraiceoirí dóiteáin ag cur uisce ar an tine.



## Bronntanas do na comhraiceoirí dóiteáin!

Sheol buachaill óg agus a sheanmháthair bronntanas chuig na comhraiceoirí dóiteáin in Oregon sna Stáit Aontaithe. Roghnaigh an buachaill óg bréagán den charachtar *Baby Yoda* mar chomhlúadar do na comhraiceoirí.

Bhí áthas an domhain ar na comhraiceoirí nuair a fuair siad an bronntanas agus tá *Baby Yoda* an-ghnóthach ó shin!



Bhí a lán tinte sa cheantar agus bhí *Baby Yoda* ar fud na háite leis na comhraiceoirí. Thastil sé sa bhriogáid dóiteáin agus in héileacaptar chomh maith.

## Siúlóid spéisiúil sa tóir ar dhineasáir!

Tá Nathann Hrushkin 12 bhliain d'aois agus tá sé ina chónaí i gCeanada. Ó bhí sé 6 bliana d'aois bhí an-spéis aige sna dineasáir agus thaitin an *Tyrannosaurus Rex* go mór leis. Ach anois is é an *Hadrosaur* an dineasár is fearr leis...féach thíos ar an gcúis!

Tá páirc mhór i gCeanada agus tá sí an-stairiúil. Le céad bliain anuas tá cnámha dineasáir aimsithe ag daoine sa pháirc.

I rith an tsamhraidh bhí Nathann agus a athair amuigh ag siúl sa pháirc mhór ag lorg cnámh. Bhíodh siad ag siúl sa pháirc go rialta, ach an uair seo bhí an t-ádh leo. Chonaic Nathann rud spéisiúil agus chuir siad gaoch ar an músaem.

Nuair a rinne foireann an mhúsaeim staidéar ar an gceantar d'aimsigh siad 50 cnámh! Is cosúil go mbaineann siad le *Hadrosaur* agus go bhfuil na cnámha ann le 69 milliún bliain.



An chnámh sa talamh.

## Peil Ghaelach: cluichí gan lucht féachana beo!

Le cúpla seachtain anuas bhí na cluichí a bhain leis an tsraith peile ar siúl. Bhuigh Ciarraí an comórtas i Roinn a hAon, cé nach raibh aon chluiche ceannais ann.

Thosaigh an craobhchomórtas ag an deireadh seachtaine le comórtas na gCúigí. I mbliana, nuair a chailleann foireann cluiche ní bheidh deis eile acu, mar a bhíonn de ghnáth, toisc go bhfuil brú ann an comórtas a chríochnú roimh dheireadh na bliana.

Tá Baile Átha Cliath ag súil leis an gcomórtas a bhuan don séú huair i ndiaidh a chéile chun an corn a choimeád sa phríomhchathair.

Beidh a fhios againn ar an 19 Nollaig cé a bhuafaidh an craobhchomórtas i mbliana!



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-  
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,  
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilachta & Gaelscoláiochta

